Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Meán Fómhair 2023

Cúrsaí Scoile

Fáilte romhaibh go léir ar ais ar scoil, do scoilbhliain úr lán le spórt agus spraoi!
Tá na páistí ag baint an-sult as a bheith ar ais ar láthair na scoile, ag meascadh lena gcairde sa rang agus ag spraoi agus ag foghlaim sa chlós.
Tá an-áthas orainn fáilte mhór a chur roimh Mhúinteoir Sinéad agus Mhúinteoir Nicole, a thosaigh linn i nGaelscoil na Mara an tseachtain seo caite.

Tá na páistí ag déanamh tréan-iarrachta leis an nGaeilge sna ranganna agus ag am lóin agus molaimid an iarracht iontach atá á dhéanamh ag na tuismitheoirí ag teacht ‘is ag imeacht ón scoil chuile lá.

Fógra beag ón mBord Bainistíochta, go bhfuil freagreachtaí ar na tuismitheoirí, aire a thabhairt dá bpáistí go dtí go mbuaileann an clog ag 8:30 ar maidin. Níl cead ag éinne a bheith ar láthair na scoile roimh 8:20r.n. Iarraimid oraibh ar bheith meabhrach faoi R1/R2 agus idir 13:10-14:10, tá siad fós ag obair. Ní mór do pháistí eile a choinneáil amach ó doirse agus fuinneoga an ranga ag an am sin.

Welcome back everyone. We are all really looking forward to a new school year, filled with lots of fun!
The children are delighted to be back in the classrooms, mixing with their friends and enjoying the great weather with lots of outdoor learning and time in the yard.
We are delighted to welcome Múinteoir Sinéad and Múinteoir Nicole, who have joined the school community on a full-time basis.

The children are making great efforts speaking as Gaeilge in the classrooms and in the yard. We also commend the parents who are using their cúpla focal with the children and with each other whilst on the school grounds.

A gentle reminder from the Board of Management, that we cannot accept responsibility for any children until the bell goes at 8:30 in the mornings. We advise that the school grounds are not open until 8:20 am. We also ask you to be mindful of R1/R2, that between 13:10-14:10, they are still learning and younger children/siblings should not be near the classroom doors and windows at that time.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Ranganna lar-scoile

Tá sé i gceist againn Club Lego a rith do pháistí R1 & R2 ar feadh tréimhse 5 sheachtain ag tosnú ar Chéadaoin 27ú Meán Fómhair - 25ú Deireadh Fómhair. Ansin beidh Club Ceoil ar siúl do R1 & R2, chuile Déardaoin ón 6ú Samhain ar feadh tréimhse 6 seachtaine. Bheadh ceolchoirm na Nollag bheag, do thuismitheoirí, mar chuid don tréimhse sin. Bheadh na ranganna ar siúl ó 14:15-15:15in ar na laethanta áirithe i gceist. Tá seo agus costas na gclubanna, ar fad ag brath ar éileamh dár ndóigh. Dá mbeadh spéis agat in a leithéad dod'pháiste, le bhur dtoil cur rphost chuig oifig@gaelscoilnamara.ie ionas go mbeimid in ann plean a chruthú dos na himeachtaí iarscoile seo. Mo mhíle buíochas do Nicole agus Sinéad atá sásta na clubanna seo a rith. Má tá an-éileamh ar na ranganna, socrófar pleananna don bhliain úr comh maith.

We intend to run a Lego Club for the children of R1 & R2 over a period of 5 weeks starting on Wednesday 27th September - 25th October. Then there are plans for a Club Ceoil to be held every Thursday from 6th November for a period of 6 weeks. A small Christmas concert, for parents, would be part of this schedule. The classes would run from 14:15-15:15pm on their specific days.
This and the cost of the clubs, will all depend on demand. If you are interested in these after school activities, please send an email to oifig@gaelscoilnamara.ie expressing thus. A heartfelt thanks to Nicole and Sinéad who are willing to run these clubs. If the classes are in high demand and are successful, dates and activities for the new year will be organised in due course.

Dátaí don Dialann

Tá nóta ag dul abhaile le Rang a Dó inniu, maidir leis an bhfiaclóir. Is gá é a líonadh amach agus é a sheoladh ar ais chun na scoile comh luath is gur féidir. Ansin beidh an EPCS i dteagmháil libhse, a thuismitheoirí, maidir le coinne a eagrú.

Beidh Pól ar ais amárach Aoine 7ú agus chuile Aoine chun scileanna peile a dhéanamh sa scoil. Iarraimid oraibh cinntiú go bhfuil bróga reatha agus éadaí oiriúnach don spóirt á chaitheamh ag do pháiste chuile Aoine.

Beidh an grianghrafadóir ag teacht chun na scoile Dé Céadaoin 13ú Meán Fómhair. Cuirfear comhfhreagras amach chugaibh tríd Aladdin ag míniú na bealaí gur féidir íoc as na grianghraif. Ní bhíonn aon bhaint ag an scoil le seo, déantar é go díreach le Simon an grianghrafadóir.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Beidh pacáistí imdhíonadh ag dul abhaile le N1 ar an 18ú Meán Fómhair, le líonadh agus le cur ar ais chun na scoile. Beidh na hinsteallaidh ar siúl sa scoil dos na páistí N1 atá á iarraidh ar Luan 20ú Samhain.

Beidh Emer Ní Éafa ag teacht leis an gCorn Brendan Martin Dé Luain 18ú Meán Fómhair. Is féidir le chuile duine gorm a chaitheamh ar an lá sin agus beidh píosa craic againn ag céilúradh Mná Baile Átha Cliath, seaimpíní Uile-Éire 2023 💙🩵💙🩵

Pupils of Rang 2 take a note home with them today, regarding the dentist. It needs to be filled out and sent back to school as soon as possible. The HSE will then contact you personally, regarding dates for an appointment.

Pól from St.Pats will be back with us tomorrow, Friday 7th and every Friday to help us practise our Football skills. Please ensure your child is wearing runners and appropriate clothes for sport on Fridays.

The photographer will be coming to the school on Wednesday 13th September. Correspondence will be sent to you through Aladdin explaining the packs on offer and methods of payment. The school has no involvement in collecting these payments, it is all done directly with Simon the photographer.

Immunisation packs will be going home with N1 on September 18th, to be filled out and returned to school. The injections will take place in the school for N1 children who want to avail of the service, on Monday 20th November.

Emer Ní Éafa will be returning to us on Monday 18th September, but this time she will have a very special guest with her, the Brendan Martin Cup. Everyone can wear blue on the day and we'll have the craic celebrating the Dublin Women, All-Ireland champions 2023
💙🩵💙🩵

Ciorcal Comhrá

Beidh an chéad Ciorcal Comhrá eile ar siúl do thuismitheoirí Ghaelscoil na Mara ar Chéadaoin 13ú Meán Fómhair, i dteach tabhairne Keelings ag a 9in

The next Ciorcal Comhrá, for the Gaelscoil na Mara parents will be held Wednesday 13th September at 9pm in Keelings pub.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Molaimid aon tuismitheoir atá ag déanamh iarrachta Gaeilge a fhoghlaim, nó an Ghaeilge atá acu a fhorbairt. Thíos tá roinnt nascanna úsáideach do theaghlaigh atá ag tógáil páistí le Gaeilge agus atá ag iarraidh feabhas a chur ar a nGaeilge féin.

We applaud any parent who is taking the time to learn Irish, or to develop the Irish they have already. Below are some useful links for families who are raising children through Irish or families who want to improve their own Irish in order to support their child.

https://www.teangati.ie/ - Teanga Tí; tá nuachtlitir seachtainiúl atá an-úsaideach.

https://www.tuismitheoiri.ie/ - Tuismitheoirí na Gaeltachta; is féidir pacáiste saor in aisce a fháil le leabhair Gaeilge do pháistí agus neart comhfhreagais luachmhar do thuismitheoirí.

https://gaeloideachas.ie/is-tuismitheoir-dalta-me/?lang=ga - Gaeloideachas; nascanna do thuismitheoirí, múinteoirí agus daoine atá ag déanamh taighde.

https://www.gael-linn.ie/ - Gael Linn; eolas faoi chúrsaí Ghaeilge, ábhar as Gaeilge agus nascanna usáideach eile.

Obair Bhaile

Beidh na múinteorí cuí i dteagmháil libh tríd Aladdin maidir le filleadh an obair bhaile ar dátaí áirithe. Tá béim an-mhór á chur againn mar scoil, ar chúrsaí litearthachta agus léitheoireachta i mbliana. Tá an-chuid taighde ann anois ag léiriú nach mbíonn mórán fiúntas le hobair bhaile scríofa do pháistí óga, mar ár bpáistí i nGaelscoil na Mara. Tuigimid go bhfuil sé go deas nasc a bheith ann idir an scoil agus an baile, le feiceáil cad atá ar siúl ag do pháiste. Ní fiú go mbeadh feighlí linbh nó créche ag stiúradh do pháiste leis an obair bhaile. Níl aon bhrú ar aon chlann obair bhaile scríofa a chomhlíonadh, muna n-oireann sé libh.
Rud amháin a iarraimid oraibh ná cabhrú linn spéis i leabhair a chruthú. Léigh dod'pháiste, leigh le do pháiste, lig dod'pháiste tusa a fheiceáil ag léamh, éistigí le do pháiste ag léamh duitse. Tógaigí ag an leabharlann áitiúil iad uair sa tseachtain le léamh (seo obair bhaile iontach!!). Bhí pacáistí leabhair as Gaeilge, saor in aisce, ar fáil sna leabharlainn le déanaí. Is fiú ceist a chur an bhfuil aon chinn fágtha i leabharlann Domhnach Bat.

The appropriate teachers will contact you through Aladdin regarding the return of homework on certain dates. As a school, we are placing a lot of emphasis on literacy and reading this year. There is an abundance of research now, showing that there is little value in written homework for young children, such as our children in Gaelscoil na Mara. We understand that

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

it is helpful to have a connection between school and home, to see what your child is doing in class at particular times of the year. There is no point however in engaging in written homework late in the evenings, or if it is a stressor or struggle during your afternoons or evenings at home. Also there is no need for a childminder or crèche to feel the need to direct your child with homework. There is no pressure on any child to complete written homework, if it does not suit you as a family.
One thing we do ask of you is to help us create an interest in books! Read to your child, read with your child, let your child see you read, give your child the opportunity to read to you. Bring them to the local library, to read, once a week (this is great obair bhaile!!). There were packages of books as Gaeilge, available free of charge, in all libraries recently, for children starting school this year. It is worth asking if there are any left in the Donabate library.

https://www.librariesireland.ie/ga/mo-leabharlann-bheag

Nóta deiridh

Tá súil againn go mbeidh bliain iontach sona ag chuile pháiste don scoilbhliain seo chugainn. Ba mhaith liomsa mo bhuíochas ag gabháil le tuismitheoirí na scoile ar fad, as ucht an tacaíochta agus spéis a léiríonn sibh i gcónaí i saol na scoile. Má tá aon cheist nó ábhar le plé, bíonn doras na scoile i gcónaí ar oscailt do chumarsáid. Ceisteanna maidir le do pháiste nó obair ranga, mholfainn dul i dteagmháil leis an múinteoir ranga tríd Aladdin ar dtús. Má tá aon rud eile, is féidir teacht i dteagmháil liom ag oifig@gaelscoilnamara.ie nó labhair liom ag an ngeata.

We hope that all the children have a happy and healthy year this coming school year. I would like to express my gratitude to all the parents, for the on-going support and the genuine interest and practical help that's always on offer. If you have any questions or queries, the school door is always open for communication. For questions regarding your child or class work, contact the class teacher through Aladdin first. If there is anything else, don't hesitate to contact me at oifig@gaelscoilnamara.ie or nab me at the school gate.

Bainigí sult as an deá-aimsire atá ag teacht, agus ná déanaigí dearmad ar an uachtar gréine!
Enjoy the great weather that's forecast for the coming days and don't forget the suncream!

Le dea-ghuí agus buíochas,
Orflaith Ní Mhaicín